2026/2414

19.11.2026

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 211/2026

an 10 Iúil 2026

lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí Airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2026/2414]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1504 ón gCoimisiún an 22 Feabhra 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na rialacha nós imeachta a shonrú maidir le feidhmiú na cumhachta ag an Údarás Baincéireachta Eorpach fíneálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur ar eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha agus ar eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid suntasacha ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 31rw (Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/419 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE:

'31rx. **32024 R 1504**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1504 ón gCoimisiún an 22 Feabhra 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na rialacha nós imeachta a shonrú maidir le feidhmiú na cumhachta ag an Údarás Baincéireachta Eorpach fíneálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur ar eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha suntasacha agus ar eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid suntasacha (IO L, 2024/1504, 30.5.2024).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin Tharmligthe oiriúnaithe mar a leanas:

(a) In Airteagal 1, cuirfear na focail agus, "a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh an fhocail "(ÚBE)".

(b) In Airteagal 2:

(i) i míreanna 1 agus 5, cuirfear na focail "agus, de réir mar a bheidh, Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh an fhocail "ÚBE";

(ii) i mír 2, cuirfear an fhomhír seo a leanas isteach:

"A mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, i gcás ina mbeidh comhad neamhiomlán, cuirfidh ÚBE Údarás Faireacháin CSTE ar an eolas faoi sin. Cuirfidh Údarás Faireacháin CSTE iarraidh réasúnaithe ar dhoiciméid bhreise faoi bhráid an oifigigh imscrúdúcháin.";

(iii) i mír 3, cuirfear na focail "nó, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh an fhocail "é";

(iv) i mír 4, cuirfear an fhomhír seo a leanas isteach:

"A mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, i gcás ina n-aontóidh ÚBE le cinntí uile an oifigigh imscrúdúcháin nó le cuid acu, cuirfidh sé Údarás Faireacháin CSTE ar an eolas faoi sin. Cuirfidh Údarás Faireacháin CSTE an duine atá faoi réir imscrúdú ar an eolas dá réir sin. Leis an gcumarsáid sin, socrófar teorainn ama de dhá sheachtain ar a laghad i gcás ina n-aontóidh ÚBE leis na cinntí uile, agus ceithre seachtaine ar a laghad i gcás nach n-aontaíonn ÚBE leis na cinntí uile, agus laistigh den tréimhse sin

([1]) IO L, 2024/1504, 30.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/1504/oj.

féadfaidh an duine atá faoi réir imscrúdaithe aighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh. Sula n-ullmhóidh ÚBE dréacht d'Údarás Faireacháin CSTE, ní bheidh sé d'oibleagáid ar ÚBE ná ar údarás Faireacháin CSTE aighneachtaí i scríbhinn a fuarthas tar éis dhul in éag na teorann ama sin a chur san áireamh agus cinneadh á ghlacadh an ndearnadh sárú agus faoi bhearta maoirseachta agus faoi fhíneáil a fhorchur i gcomhréir le hAirteagail 130 agus 131 de Rialachán (AE) 2023/1114.";

(v) i mír 6, cuirfear na focail "nó, de réir mar a bheidh, chuig Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh an fhocail "ÚBE".

(c) In Airteagal 3:

(i) i míreanna 1 agus 3, cuirfear na focail "nó, de réir mar a bheidh, Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh an fhocail "ÚBE";

(ii) i mír 2, cuirfear na focail "agus, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh an fhocail "ÚBE".

(d) In Airteagal 4:

(i) i mír 1, sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír agus i mír 2, cuirfear na focail "nó, de réir mar a bheidh, Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh an fhocail "ÚBE";

(ii) i mír 1, an tríú fomhír, cuirfear na focail "agus, de réir mar a bheidh, Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh an fhocail "ÚBE";

(iii) i mír 1, sa cheathrú fomhír, cuirfear na focail "agus, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh an fhocail "ÚBE";

(iv) i mír 2, sa chéad fhomhír, agus i mír 3, cuirfear na focail "nó, de réir mar a bheidh, Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh an fhocail "ÚBE";

(v) i mír 2, an dara fomhír, cuirfear na habairtí seo a leanas isteach:

"A mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, i gcás ina measfaidh ÚBE, tar éis éisteacht a thabhairt don duine atá faoi réir an chinnidh eatramhaigh, go bhfuil sárú déanta ag an duine atá faoi réir an chinnidh eatramhaigh mar a leagtar amach in Iarscríbhinní V nó VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1114, cuirfidh sé Údarás Faireacháin CSTE ar an eolas faoi sin. Glacfaidh Údarás Faireacháin CSTE cinneadh daingniúcháin lena bhforchuirfear ceann amháin nó níos mó de na bearta maoirseachta a leagtar síos in Airteagal 130 de Rialachán (AE) 2023/1114. Tabharfaidh Údarás Faireacháin CSTE fógra faoin gcinneadh do na daoine atá faoi réir an chinnidh eatramhaigh.".

(e) In Airteagal 5:

(i) i mír 1, cuirfear na focail "agus, de réir mar a bheidh, Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh chéad úsáid an fhocail "ÚBE";

(ii) i mír 1, cuirfear na focail "nó, de réir mar a bheidh, Údarás Faireacháin CSTE" isteach i ndiaidh dara húsáid an fhocail "ÚBE".

(f) In Airteagal 6:

(i) i mír 3, cuirfear na focail "nó, de réir mar a bheidh, Údarás Faireacháin CSTE" agus i mír 4, cuirfear na focail "nó, de réir mar a bheidh, ag Údarás Faireacháin CSTE" i ndiaidh an fhocail "ÚBE";

(ii) i mír 5, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

"An tréimhse theorann chun fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur, cuirfear ar fionraí í fad a bheidh cinneadh Údarás Faireacháin CSTE faoi réir imeachtaí atá ar feitheamh os comhair Chúirt CSTE, i gcomhréir le hAirteagal 35 den Chomhaontú idir Stáit CSTE maidir le hÚdarás Faireacháin agus Cúirt Bhreithiúnais a Bhunú.".

(g) In Airteagal 7:

(i) i míreanna 1 agus 3, cuirfear na focail “nó, de réir mar a bheidh, Údarás Faireacháin CSTE” isteach i ndiaidh an fhocail “ÚBE”;

(ii) i mír 5(b), cuirfear na focail “nó, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, athbhreithniú a dhéanfaidh Cúirt CSTE i gcomhréir le hAirteagal 35 den Chomhaontú idir Stáit CSTE maidir le hÚdarás Faireacháin agus Cúirt Bhreithiúnais a Bhunú” isteach i ndiaidh na bhfocal “Rialachán (AE) 2023/1114”.’

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1504 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE de *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 11 Iúil 2026, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*), nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 41/2025 ó Chomhchoiste LEE an 20 Feabhra 2025 ([2]), cibé acu is déanaí.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, de *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Iúil 2026.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Pascal SCHAFHAUSER

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.
([2]) IO L, 2025/765, 8.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/765/oj.